# Bláthú!

Eagrán 22 Samhain 2016

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,
Cuileán,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil.: 091 595337
www.comharnaionrai.ie



Cailín óg as Naíonra Chill na Martra, Co. Chorcaigh agus í an-shásta go bhfuil an fáinne faighte aici.

## An Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne: Buiséad 2017

Is scéim nua náisiúnta é seo a chuirfidh tacaíochtaí airgid ar fáil do thuismitheoirí chun cabhrú leo lena gcostas cúram leanaí. Tiocfaidh sé in áit na scéimeanna fóirdheontais cúram leanaí spriocdhírithe atá ann faoi láthair le scéim shingil atá níos simplí agus níos éasca le n-úsáid.

Cuirfidh an scéim nua córas ar fáil inár féidir fóirdheontais, idir uilíoch agus spriocdhírithe, a sholáthar i dtreo costas cúram leanaí. I gcás fóirdheontais spriocdhírithe, íocfar iad seo do pháistí ó 6 mhí d'aois suas go 15 bliain d'aois. Braithfidh an leibhéal fóirdheontais ar an infheistíocht atá ar fáil agus ar ioncam an teaghlaigh.

Cuirfidh Buiséad 2017 fóirdheontas uilíoch ar fáil do pháistí idir na haoiseanna 6 mhí agus 36 mí (nó go gcáilíonn an páiste don chlár luathoideachais saor in aisce más níos déanaí) atá ag freastal ar sheirbhís cúram leanaí atá cláraithe le Tusla. Ní dhéanfar tástáil acmhainne ar an bhfóirdheontas uilíoch agus beidh sé ar fáil do theaghlaigh ar gach leibhéal ioncaim.

Cruthóidh an scéim seo ardán solúbtha d'infheistíocht amach anseo i dtacaíochtaí maoinithe cúram leanaí, ag tabhairt deis fóirdheontais a leathnú amach do níos mó páistí agus teaghlaigh sa todhchaí.

Tá maoiniú breise de €19m ceadaithe i mBuiséad 2017 chun an scéim seo a chur i bhfeidhm. Cuirfear é seo leis an maoiniú do na scéimeanna spriocdhírithe atá ann faoi láthair chun an buiséad foriomlán don scéim a thabhairt. Beidh an scéim ar fáil ó Mheán Fhómhair 2017.

Ní thiocfaidh aon athrú ar an Scéim Luathoideachais agus Cúram (ECCE) atá ann faoi láthair seachas na hathruithe a tháinig i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá sé i gceist an scéim nua a bheith mar chúram breise do pháistí réamhscoile agus páistí aois scoile. Mar sin, don chéad uair, beidh páiste atá sa scéim ECCE in ann leas a bhaint as fóirdheontais ar mhaithe le cúram leanaí breise.

## Na Stiúrthóirí sa Seomra Ranga



**Seo roinnt de na stiúrthóirí ó Réigiún na Gaillimhe agus an Mhí i mbun oiliúna le gairid ar an téama 'Maidin sa Naíonra'. Reáchtáladh an cúrsa seo i gach réigiún Gaeltachta a bhfuil**



**Páiste ó Naíonra na Rinne, Co. Phort Láirge ag baint sásamh as imeachtaí na Samhna.**

# Ionad Cúram Leanaí Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí




D'oscail an chéad Naíonra i mBaile an Fheirtéaraigh sna seachtóidí agus bhí ar an Naíonra bogadh ó áit go háit ar dtús agus ansin bhog sé go dtí an Maimín i mBaile an Fheirtéaraigh.

Is ansin ar an Máimín a bhí sé lonnaithe ar feadh ocht mbliana déag. Bhíodh ar an bhfoireann bogadh amach gach Samhradh chun slí a dhéanamh do na cúrsaí Samhraidh. Bhí an-bhrú orthu na laethanta ECCE ar fad a dhéanamh nuair a bhí an bhliain Naíonra gearrtha agus bhíodh ar na Stiúrthóirí a bheith ag obair i rith briseadh lár-téarma srl.

Bhog siad isteach sa bhfoirgneamh nua le seomraí agus áiseanna den scoth i mí na Nollag 2014. Faoi láthair tá 22 leanbh ag freastal ar an Naíonra agus tá liosta mór feithimh ann do na blianta atá amach romhainn. Osclaíodh an Naíolann sa bhfoirgneamh céanna i Meán Fómhair 2015. Tá suas le fiche páiste cláraithe faoi láthair. Freastalaíonn an Naíolann ar pháistí ó cheithre mhí go dtí sé bhliana d'aois



Tá na seirbhísí ar fad ag dul ó neart go neart agus tá an-éileamh orthu. Tá na Stiúrthóirí agus na hOibrithe Cúraim Leanaí ag obair go dian, dícheallach, chun an Ghaoluinn a chur chun cinn agus í a dhaingniú i measc leanaí an cheantair. Fostaíodh Riarthóir páirt-aimseartha le déanaí.

# Naíonra Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe



Bunaíodh Naíonra Mhaigh Cuilinn i 1998. Is i seomra de chuid Áras Uillinn atá an Naíonra lonnaithe. Déanadh athchóiriú ar an seomra i mbliana agus tá an Naíonra leagtha amach go hálainn. Tá Shauna Ní Ghiollabháin ag feidhmiú mar Phríomh Stiúrthóir ar an Naíonra agus is í Samantha Ní Bhriain an Stiúrthóir atá ina cuideachta . Déantar réimse leathan gníomhaíochtaí a chleachtadh sa Naíonra seo a chuidíonn leis an bpáiste an Ghaeilge a shealbhú go nádúrtha.

Tá béim mhór acu sa Naíonra seo ar an dúlra agus is ar théama an Gheimhreadh atá siad ag díriú ar faoi láthair. Chuir na páistí bleibíní (Lus an Chromchinn) i bpotaí agus caithfidh gach páiste aire a thabhairt dá gceann féin agus uisce a chur air go rialta. Is iontach go deo an ríméad a bhíonn ar na páistí nuair a fheiceann siad na bláthanna ag fás agus iad a thabhairt abhaile le taispeáint dá dteaghlach. Cuireann gníomhaíochta mar seo le fiosracht na bpáistí faoin dúlra agus chun aithne a chur ar a dtimpeallacht chomh maith leis an nGaeilge a shealbhú go nádúrtha.

Tá buíochas agus moladh mór ag dul d'fhoireann agus do choiste an Naíonra as an obair mhór a dhéanann siad ar mhaithe leis an Naíonra a chur chun cinn i gceantar Mhaigh Cuilinn.



# Naíonra an Dromad, Co. Chiarraí

Bunaíodh an Naíonra seo in 2000 sa halla pobail. Bhog an Naíonra isteach in áit álainn geal san áis Cúram Leanaí i Meán Fhómhair 2004. Tá Naíonra, Naíolann agus Iarscoil ann.



Míle buíochas do Eilís Uí Fhairchealllaigh an Príomh Stiúrthóir as an obair iontach a rinne sí sa Naíonra síos tríd na mblianta. D'éirigh sí as a post i mí na Nollag 2015 agus guímid gach rath uirthi. Fáiltíonn muid roimh Sarah Uí Shúilleabháin ar fhoireann an Naíonra mar stiúrthóir i dteannta Mháire Ní Mhathúna, Príomh Stiúrthóir.

Tá an fhoireann an-ghnóthach ag obair sa ghairdín i gcónaí. Beidh áit picnic, áit spraoi le puiteach agus áit spraoi cothrom ann. San Earrach beidh na páistí ábalta prátaí, oinniúin agus rudaí eile a chur sa ghairdín agus a bheith ag tochailt agus ag cur plandaí agus bláthanna deasa.

Bainfidh na páistí sult agus spraoi as a beith ag foghlaim amuigh faoin aer.

# Ionad Cúram Leanaí Charna, Co. na Gaillimhe



Ag piocadh duilleoga



Spórt agus spraoi

# Naíonra Dhuibhlinn Riabhach, Co. Dhún na nGall

Fuair Naíonra Dhuibhlinn Riabhach an-tacaíocht ón bpobal chun airgead a bhailiú agus an clós spraoi a fhorbairt. Tá an Naíonra fíor bhuíoch dóibh siúd a chuidigh leo an obair seo a chur i gcrích. Tá na páistí ar mhuin na muice agus ag baint an-taitneamh as. Bíonn siad ag dreapadh ar an mballa nua dreapadóireachta. Seo ag spraoi le riosca agus baineann na páistí an-taitneamh as. Cuireann seo go mór le comhordú agus cothromaíocht agus forbairt fhisiciúil na bpáistí.






# Scléip na Samhna



Naíonra Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí



Naíonra Chill na Martra, Co. Chorcaigh



Naíonra Bhréanainn, Co. Chiarraí



Naíonra Cheann Trá, Co. Chiarraí ag baint sult as an bhFómhar.



Naíonra Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaigh





Naíonra na Rinne, Co Phort Láirge ag fáil a gcuid puimcíní réidh d'oíche Shamhna

# Bláthú!